4. Ordaítear do Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (Eismea) na costais a íoc.

(1) IO C 297, 07.09.2020.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 13 Iúil 2022 — Delifruit v an Coimisiún**

**(Cás T-629/20)** (1)

***(Táirgí cosanta plandaí – Substaint ghníomhach clóirpireafos – Uasleibhéil d'iarmhair clóirpireafos i mbananaí nó ar bhananaí a chinneadh – Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 – Eolas eolaíoch agus teicniúil ar fáil – Tosca dlisteanacha eile)***

(2022/C 359/76)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Delifruit, SA (Guayaquil, Eacuadór) (ionadaithe: K. Van Maldegem, P. Sellar agus S. Abdel-Qader, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* (An Coimisiún Eorpach, (ionadaithe: F. Castilla Contreras, A. Dawes agus M. ter Haar, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar:**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, Delifruit, SA, go ndéanfar Rialachán (AE) 2020/1085 ón gCoimisiún an 23 Iúil 2020 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le huasleibhéil d'iarmhair clóirpireafos agus clóirpireafos-meitile i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe (IO 2020 L 239, lch. 7, Ceartúchán IO 2020 L 245, lch. 31) ("an Rialachán a chonspóidtear") a neamhniú go páirteach, a mhéid a shocraítear uasleibhéal na n-iarmhar ("MRL") le haghaidh clóirpireafos i mbananaí nó ar bhananaí ag 0.01 mg/kg.

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar an chaingean a dhíbhe.

2) Ordaítear do Delifruit, SA na costais a íoc.

(1) IO C 433, 14.12.2020.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 13 Iúil 2022 – Standard International Management v EUIPO – Asia Standard Management Services (The Standard)**

**(Cás T-768/20)** (1)

***[Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí cúlghairme – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh The Standard – Dearbhú cúlghairme – Áit úsáide an trádmhairc – Fógraí agus tairiscintí ar díol le tomhaltóirí an Aontais – Airteagal 58(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001]***

(2022/C 359/77)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Standard International Management LLC (Nua-Eabhrac, Nua-Eabhrac, na Stáit Aontaithe) (ionadaithe: M. Edenborough, QC, S. Wickenden, Barrister, agus M. Maier, Dlíodóir)